Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 21 Deireadh Fómhair 2022**
**(OR. en)**

**13885/22**

**FIN 1127**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Johannes HAHN, Comhalta den Choimisiún Eorpach |
| dáta a fuarthas: | 21 Deireadh Fómhair 2022 |
| chuig: | Jiří GEORGIEV, Uachtarán Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Ábhar: | Togra le haghaidh aistriú leithreasuithe Uimh. DEC 23/2022<br>i Roinn III - an Coimisiún - den bhuiséad ginearálta do 2022 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad DEC 23/2022.

---

Faoi iamh: DEC 23/2022

AN COIMISIÚN EORPACH

AN BHRUISÉIL,

AN BUISÉAD GINEARÁLTA - 2022
ROINN III - TEIDIL AN CHOIMISIÚIN: 08, 30

AISTRIÚ LEITHREASUITHE UIMH. DEC 23/2022

**ÓN MÉID SEO A LEANAS**

CAIBIDIL - 3002 Cúlchistí le haghaidh caiteachas oibríochtúil

| | | |
|---|---|---|
| AIRTEAGAL - 30 02 02 - Leithreasuithe difreáilte | Gealltanais | -3 962 500,00 |

**GO**

**CAIBIDIL -** 0805 Comhaontuithe Comhpháirtíochta maidir le hIascaigh Inbhuanaithe (SFPA) agus Eagraíochtaí Réigiúnacha Bainistithe Iascaigh (ERBI)

| | | |
|---|---|---|
| AIRTEAGAL - 08 05 01 – Creat rialachais a bhunú le haghaidh gníomhaíochtaí iascaireachta a dhéanann soithí iascaireachta an Aontais in uiscí tríú tíortha | Gealltanais | 3 962 500,00 |

## I. LAGHDÚ

### I.1

### a) Ceannteideal

**30 02 02 - Leithreasuithe difreáilte**

### b) Figiúirí an 17/10/2022

| | Gealltanais |
|---|---|
| 1 Leithreasuithe sa bhuiséad (Buiséad Tosaigh + Buiséad Leasaitheach) | 24 506 411,00 |
| 2 Aistrithe | -18 133 911,00 |
| 3 Iomlán na leithreasuithe le haghaidh na bliana (1+2) | 6 372 500,00 |
| 4 Leithreasuithe a úsáideadh cheana | 0,00 |
| **5 Leithreasuithe atá ar fáil (3-4)** | **6 372 500,00** |
| **6 An laghdú atá molta** | **3 962 500,00** |
| **7 Iomlán na leithreasuithe suas le deireadh na bliana (5-6)** | **2 410 000.00** |
| 8 An laghdú ina chéatadán de na leithreasuithe sa bhuiséad (6/1) | 16,17 % |
| 9 An laghdú, ina chéatadán de na leithreasuithe deiridh le haghaidh na bliana, ar shuim na n-aistrithe dá dtagraítear in Airteagal 30(1)(b) den Rialachán Airgeadais | neamhbhainteach |

### c) Fáltais a eascraíonn as aisghabháil (arna dtabhairt ar aghaidh ón mbliain roimhe)

| | Gealltanais |
|---|---|
| 1 Leithreasuithe atá ar fáil ag tús na bliana | 0,00 |
| 2 Leithreasuithe atá ar fáil an 17/10/2022 | 0,00 |
| 3 Ráta cur chun feidhme [(1-2)/1] | neamhbhainteach |

### d) Forais mhionsonraithe don laghdú

I gcomhréir le pointe 20 den Chomhaontú Idirinstitiúideach maidir le Creat Airgeadais Ilbhliantúil 2021-2027, méideanna dá bhforáiltear sa bhuiséad le haghaidh comhaontuithe iascaigh nua nó d'athnuachan comhaontuithe iascaigh a thiocfaidh i bhfeidhm tar éis an 1 Eanáir den bhliain airgeadais lena mbaineann, is méideanna iad a n-áireofar leis an gcúlchiste.

Tá sé beartaithe suim EUR 4 mhilliún i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas a aistriú ón gcúlchiste chuig an líne bhuiséid oibríochtúil le haghaidh Comhaontuithe Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe(SFPA) (08 05 01) chun na hoibleagáidí airgeadais a eascraíonn as síniú agus tabhairt i gcrích Prótacail lena gcuirtear SFPA chun feidhme idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Oileán Mhuirís a chumhdach, chomh maith le gabhálacha breise a bhaineann leis an mbliain airgeadais 2022 a chumhdach mar a leagtar amach sna SFPAnna agus sna Prótacail ábhartha le haghaidh Rialtas na Graonlainne agus Phoblacht Dhaonlathach Sao Tomé agus Príncipe.

## II. MÉADÚ

### II.1

### a) Ceannteideal

**08 05 01 - Creat rialachais a bhunú le haghaidh gníomhaíochtaí iascaireachta a dhéanann soithí iascaireachta an Aontais in uiscí tríú tíortha**

### Figiúirí an 17/10/2022

| | Gealltanais |
|---|---|
| 1 Leithreasuithe sa bhuiséad (Buiséad Tosaigh + Buiséad Leasaitheach) | 149 268 754.00 |
| 2 Aistrithe | 287 500.00 |
| 3 Iomlán na leithreasuithe le haghaidh na bliana (1+2) | 149 556 254,00 |
| 4 Leithreasuithe a úsáideadh cheana | 144 494 549.00 |
| **5 Leithreasuithe atá ar fáil (3-4)** | **5 061 705,00** |
| **6 An méadú a iarradh** | **3 962 500.00** |
| **7 Iomlán na leithreasuithe suas le deireadh na bliana (5+6)** | **9 024 205,00** |
| 8 An méadú ina chéatadán de na leithreasuithe sa bhuiséad (6/1) | 2,65 % |
| 9 An méadú, ina chéatadán de na leithreasuithe deiridh le haghaidh na bliana, i suim na n-aistrithe dá dtagraítear in Airteagal 30(1)(b) den Rialachán Airgeadais | neamhbhainteach |

### Fáltais a eascraíonn as aisghabháil (arna dtabhairt ar aghaidh ón mbliain roimhe)

| | Gealltanais |
|---|---|
| 1 Leithreasuithe atá ar fáil ag tús na bliana | 0,00 |
| 2 Leithreasuithe atá ar fáil an 17/10/2022 | 0,00 |
| 3 Ráta cur chun feidhme [(1-2)/1] | neamhbhainteach |

### Forais mhionsonraithe don mhéadú

Is gá an líne oibríochtúil don Chomhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe (SFPA) a atreisiú le EUR 4 mhilliún i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas chun oibleagáidí airgeadais 2022 EUR 725 000 a eascraíonn as síniú agus tabhairt i gcrích Prótacail lena gcuirtear SFPA chun feidhme idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Oileán Mhuirís a chomhlíonadh, agus, chomh maith leis sin, chun gabhálacha breise a bhaineann leis an mbliain airgeadais 2022 a chumhdach mar a leagtar amach sna SFPAnna agus sna Prótacail ábhartha le haghaidh Rialtas na Graonlainne agus Phoblacht Dhaonlathach Sao Tomé agus Príncipe ar mhéid EUR 3,2 milliún.

Mar thoradh ar an togra ón gCoimisiún chuig an gComhairle (COM(2022) 421 an 16 Meán Fómhair 2022) maidir le prótacal nua le hOileán Mhuirís a shíniú, tá coinne leis go nglacfar leis an gcinneadh ón gComhairle, atá mar bhunús dlí le haghaidh shíniú an chomhaontaithe, go luath i mí na Samhna. Tiocfaidh an Prótacal i bhfeidhm go sealadach ansin nuair a shíníonn an dá pháirtí an comhaontú ag deireadh mhí na Samhna 2022, rud a fhágfaidh go mbeifear in ann ranníocaíocht airgeadais 2022 a ghealladh.